Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Márta'09.

Naomh Pádraig.

Lá Fhéile Pádraig: 17ú lá de mhí Márta. **Rugadh é:** 385 **Fuair sé bás:** 461

Rugadh Naomh Pádraig in Alban do thuismitheoirí Rómhánacha. Nuair a bhí sé 16 d'fhuadaigh foghlaí mara é agus tógadh go hÉirinn é. Bhí sé díolta mar sclábhaí. Chuir a úinéir suas ar cnoc é chun aire a thabhairt dá thréadanna. Is beagán éadaigh agus bia a bhí aige ach thug sé aire mhaith dos na caoirigh sa bháisteach, sa sneachta agus sa leac oighir. Bhí Pádraig chomh uaigneach san ar an gcnoc gur chas sé i bpaidir chuig Íosa agus a Mháthair Muire. Bhí a shaol cruadh ach d'fhás a dhóchas do Dhia an t-am go léir. Sé bhliain ina dhiaidh sin bhí taibhreamh aige ina bhfuair sé ordú dul ar ais go dtí an Bhreatain. Thóg sé seo mar chomhartha agus d'éalaigh sé ó Éirinn. Dhein sé staidéar le bheith ina shagart thall sa Bhreatain. Shíl sé go láidir gur chóir dó dul ar ais go hÉirinn chun múineadh faoi Chríost mar is tír phágánach a bhí ann ag an am sin. Faoi dheireadh d'éirigh sé ina shagart agus ansin ina easpag. D'iarr an Pápa Naomh Celestine I ar Phádraig dul mar mhisinéir chun seanmóireacht a dhéanamh sa Bhreatain ar dtús agus ansin in Éirinn. Bhí áthas an domhain ar Phádraig mar bhí sé in ann na scéalta faoi an fhíor Dhia a thabhairt dos na daoine a choimeád mar sclábhaí é. Bhí a lán fulaingt ag Pádraig sa tír seo agus bhí an-dainséar ann an t-am go léir go marófaí é ach fós dhein sé seanmóireacht faoi Íosa. Thaistil sé ó shráidbhaile go sráidbhaile agus d'éirigh treibh i diaidh treibh ina gCríostaithe. Ní raibh mórán am sosa aige. Dhein sé íobairtí agus dhein sé aithrí crua dos na daoine a bhí grá mór aige dóibh. Sara bhfuair sé bás, tar éis dó 33 bliain a chaitheamh ag obair in Éirinn, bhí an tír go léir ina gCríostaithe. Ba é ceann des na misinéirí ba rathúla ar domhan ach ní raibh Naomh Pádraig bródúil dá bharr. Dúirt sé gur pheacach bocht é agus thug sé an moladh go léir do Dhia. Fuair Pádraig bás i 461.

Naomh Lachtaín, Cill na Martra. (Séipéal na Taise)

Lá Fhéile: 19ú lá de mhí Márta.

Bhí ionad adhradh ag druideanna i gCloch Adhnadh. Ag an gcloch mór seo rinneadh ofráil íobartach agus uaireanta ofráladh daoine fiú. Thóg Naomh Lachtaín séipéal in aice leis an suíomh Ceilteach seo ag leanúint an traidisiún d'onóir ar an suíomh seo. Tar éis dó bás d'fháil i 622 bhí a lámh caomhnaithe mar thaise agus as san amach bhí an séipéal aitheanta mar Séipéal Chill na Martra (Séipéal na Taise). Dhein na Lochlannaigh ionsaí ar an séipéal i 832 ach bhí sé athchóirithe ina dhiaidh. Bhí sé scriosta i rith tréimhse Chromail. Sa lá atá inniu ann níl ach cairn clocha fágtha. Tá fianaise ann a thaispeánann go raibh baint ag Naomh Lachtaín le Contae Chiarraí, Luimneach, an Chláir, Cill Chainnigh agus Tiobraid Árainn. Deirtear go raibh tuismitheoirí Naomh Lachtaín ó cheantar Chorcaí i gCúige Mumhan. Dhein Naomh Lachtaín míorúiltí nuair a bhí sé ag fás suas. Tháinig sé slán as bia nimhiúil a ithe. Bhí galar ar a mháthair agus chuir sé leigheas uirthi. Díbir sé plá a bhí tógálach do hainmhithe. Nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois threoraigh a haingeal coimhdeachta "Uriel" é go dtí mainistir Naomh Comgall i mBeannchar. Bhí Naomh Molua mar mhúinteoir aige sa mhainistir.
Scrín Láimh Lachtaín. Díoladh Scrín Láimh Lachtaín i 1884 ag "Christie's" i Londain i gcóir 410 gine. Bhí sé aisdúichithe go dtí Acadamh Ríoga na hÉireann agus ón áit seo tugadh don Mhúsaem Náisiúnta é i 1890, is déantán tábhachtach é. Is rud uathúil é Lámh Lachtaín ó thaobh iarsmaí géaga Eorpacha mar léiríonn sé dorn dúnta. Tá barr an doirn níos caite ná aon chuid eile den ghéag. Is dóigh go dtaispeánann sé an nós a bhí ann greim a choimeád ar bharr na scríne ag tógaint mionn air.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil anois ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Chuir glaoch ar 026-40999, taisteal ar fáil.
Cosliacht: 7ú lá de mí Aibreáin le coinne.
Rang Ealaíne: Tá cúpla spás fós ann.
Chun breis eolais a fháil glaoigh ar 026 40999.
Beidh Cois Cille dúnta ar Lá le Pádraig.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Cuir glaoch ar Siobhán/Lucy 087 1378099.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Déardaoin **26ú** Márta,
087 6579894 le haghaidh coinne.
Cosliacht: Dé Luain 30ú Márta cuir glaoch ar 027 50340 nó 086 3679761. Ann O Donovan.
An Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00.
Cártaí gach Déardaoin ag 9.00 a chlog.
Fáilte roimh cách.

Suíomh Idirlín MFG Meitheal Mhúscraí.

Beidh suíomh idirlín nua againn sera bhfad agus beidh griannghrafanna ó na ócáidí agus eachtraí go léir ag dul ar an suíomh nua seo. Más rud é nach teastaíonn uait do grianghraf a bheidh ar an suíomh chur glaoch orainn ar 026- 45661.

Ceolchoirm.

Beidh ceolchoirm ar siúil san Ionad Pobail i gCill na Martra ar an 3ú lá de mhí Aibreáin ag 8.00in. Beidh talann aitiúil agus ón taobh amuigh ar an chláir. Tá fáilte roimh gach éinne. Ta taisteal ar fáil, cuir glaoch ar 026 45661.

Dúcheist Tapaidh.

San dúcheist seo caithfidh tú cabhair a thabhairt do Naomh Pádraig an nathair nimhe a aimsiú.



Cleas Inchinne.

Téann slua maith daoine isteach i gnó Mhicíl agus tógann siad na rudaí atá istigh ann. Ní íocann na daoine as na rudaí a thógann siad. Ligeann Micheál dóibh an méid gur mhaith leo a thógaint má choimeádann siad a mbéil dúnta. Cad atá na daoine á thógaint agus cá bhfuil Micheál ag obair?

Scoraíocht an Déardaoin.

Ionad Áise, Réidh na nDoirí.
Déardaoin 19ú Márta 2.30-5.00in.
Tá taisteal ar fáil, cuir glaoch go luath.
026 – 45661.

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Ní raibh aon deatach ag séideadh in aon threo mar is traein leictreach a bhí ann agus ní thagann aon deatach as traein leictreach.

Anraith Neantóg Éireannach.

Tá an oideas seo tógtha ón leabhar a scríobh Darina Allen, "The Festive Food of Ireland".

Comhábhair do Sheisear:
1½ unsa im.
1½ punt prátaí ghlanta & ghearrtha.
4 unsa oinniúin ghearrtha.
3½ unsa cainninne ghearrtha.
4½ cupán stoc sicín.
5 unsa neantóga óg, ghlanta & mhionghearrtha.
¾ cupán bainne nó uachtar.
Salann & piobar.

Modh:
1. Leá an t-im i sáspan trom, nuair atá cúr air chuir na prátaí, na hoinniúin agus na cainninne leis. Corraigh iad sa im leáite go dtí go bhfuil siad clúdaithe go maith.

2. Cuir salann agus piobar orthu agus cuir clúdach air. Cuir ar teas bog ar feadh 10 nóiméad.

3. Cuir an stoc sicín leis agus déan é a shuanbhruith go dtí go bhfuil na glasraí cócaráilte. Cuir na neantóga leis agus déan é a cócaráil go dtí go neiríonn siad bog.

4. Buail isteach an uachtar agus dein é a bhlaiseadh. Riar te é.

Pádraig.

A Phádraig Aspal, Príomháidh Gael
Thug an creideamh chugainn thar muir
Grásta Dé mar thabharthas dúinn
Aiséirí fé Ghlóir mar oidhreacht

An tine a lasais cois na Bóinne
Ar chnoc Sláinghe cnoc na ndruadh
Lonraigh solas ar fuaid Éireann
Solas Críost le teacht na Cásca.

Mar an fhearainn bhog thar thriuchaibh
No an drúcht fen ngréin ar maidin
Nó an fharraig-cháith ar dhuirling
Dáileadh grástaí ós na flaithis

Thugais slán sinn-ne led naofacht
Treasna duibheagán na staire
Aisce, a Phádraig Príomháidh Éireann
Treoraigh sinn tré ré an rachmais.

Tusa bheannaigh ár ngleannta míne
Gach tobar, abhainn, sruthán is caise,
Ár sléibhte maorga na mbeann mbán
Múrtha fáilte i lár an Earraigh.

Focail Dónal Ó Liatháin.

Focal id' Chluais.

A word in your ear. Aon bliain d'aois.

Bhí an céad Focal id' Chluais priontáilte agus seolta amach díreach aon bhliain ó shin, seachtain amháin roimh Lá le Pádraig 2008. Ón chead eagrán sin tá sé imithe ó neart go neart agus is sibhse na léitheoirí is cúis le sin. Sé croí An Focal id Cluais ná na scéalta iontach, na paidreacha, na smaointí agus ábhair mar sin a thagann ó na léitheoirí. Sé bhur nuachtlitir é dá bhrí sin coimeád suas an obair breá agus coimeád na scéalta agus na smaointí ag teacht isteach chugainn.

Our first Focal id' Chluais was printed and posted exactly one year ago one week before Patrick's day '08. Since then it has grown month by month and this success is due to our readers. The great stories, prayers, recipes and other material sent in by you is what makes the Focal id' Chluais. It's your newsletter so keep up the good work and keep stories and ideas coming in.

Lá 'le Lachtaín.

Beidh Mórshiúl i gCill na Martra in onóir Naomh Lachtaín ar Domhnach an 22ú lá de mí Márta tar éis Aifrinn. Beidh soláistí le fail san Halla Pobail tar éis an mhórshiúl. Fáilte roimh cách.

There will be a parade in honour of Saint Lachtaín in Cill na Martra on Sunday the 22nd of March after Mass. Refreshments will be served after the parade in the Community Hall. Everybody welcome.

Naomh Abán. 546-650

Deintear ceiliúradh ar a fhéile ar an 16ú lá de mhí Márta, i mBaile Bhúirne. Deirtear gur rugadh é i gCo na Mídhe agus thug sé féin agus a uncail Naomh Ibar a n-aghaidh ar Loch Garman – Ibar go Beag Éire (Beggary Island) agus Abán go Maigh Arnaí (Adamstown) mar ar bhunaigh sé a príomh mhanistir. Deintear a fhéile a cheiliúradh i Maigh Arnaí ar an gcéad Domhnach de mhí Deire Fómhair agus tá sé de nós ag muintir na h-áite na h-uaigheanna a mhaisiú le bláthanna sa reilg an lá san. Thóg sé scrín do'n Mhaighdean Mhuire in Oileán Mhuire. Deirtear go raibh sé go maith chun Eaglaisí a dhearadh agus a thógáil. Fear mór taistil abea é agus bhunaigh 10 n-eaglais nó mainistir, ina measc dhá clochar. Tháinig sé go mBaile Mhúirne agus chuir sé fé i Seana Chluain. Tá an láthair sa choill i dtalamh muintir Uí Riordáin treasna an tSuláin ó Charraig an Adhmaid. I gCill Abáin tá rian a áitreabh i bhfoirm ciorcal 3 clocha ógham ann, tobar, carnán cloch, bullán agus crois. Tá blúire dá chnámh i mbosca i bpoll agus tá rialacha an turais i mbosca ann leis agus deintear turas ann. Tá cáil air chun pianta cnámha a leigheas agus daoine a chosaint ar aistear nó turas go mór mhór aistear ar mhuir. Anam chara do Naomh Gobnait abea é agus deirtear gurb é a choisrigh í mar Mháthair Abb. Nuair a cailleadh é bhí mná caointe timpeall na h-áite. An tráth céanna bhí deirfiúr le Naomh Gobnait an-bhreóite agus bhí eagla ar Ghobnait go gceapadh sí gurb í féin a bhí ag fail bháis. Ceann de mhiorúiltí Ghobnatan ná gur ghearr sí amach gach fuaim san áit ina raibh a deirfiúir agus tugtar "Cumar Bodhar" ar an áit sin ó shoin. Fear an-naofa abea Abán agus cailleadh é in aois a 104. Chraobhscaoil sé briathar Dé sa dúthaigh, ní h-amháin le'n a fhocail ach fé'n a chuid oibhreacha.

Naomh Abán 546 - 650

Naomh Abán's Feast Day is celebrated in Baile Mhuirne on the 16th of March. It is said that he was born in Co. Meath and that he and his uncle, Saint Ibar, moved to County Wexford, Ibar to Beggary Island and Abán to Adamstown. Naomh Abán's Feast Day is celebrated in Adamstown on the first Sunday of October and people in the locality usually place flowers on their loved ones graves on that day. He built a shrine to the Virgin Mary in Our Lady's Island. It is said that he was good to design and build churches, he established 10 churches and monasteries on his travels, including two convents. Naomh Abán travelled to Baile Mhuirne and settled in Seana Chluain. The site is to be found in the wood on O'Riordans' land across the Sullane from Carraig an Adhmaid where a circle of three Ogham stones, a well, a pile of stones, a boulder and a cross can still be seen. There is a box in the ground with a piece of bone from Naomh Abán as well as a box with directions on how to recite the round. Naomh Abán is reputed to be of assistance to those with bone complaints and to those who are on a journey, especially a journey on the sea. Saint Abán and Saint Gobnait were great friends, he was her spiritual advisor and it is said that it was he who ordained her as abbess. When he died local women were lamenting him. At the time Saint Gobnait had a sister who was very ill and Gobnait was afraid that she would think it was herself who was dying. Saint Gobnait performed a miracle whereby she blocked all sound from the place her sister was to cut off the noise of the keening women, this place is still known as 'Cumar Bodhar'. Abán was a very holy man who spread the Word of God in the area, not only in word but in his actions and his work. He lived to 104 years of age.

Do fuaireamar an scéal seo ó Betsy Ní Shuibhne.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. muscrai@eircom.net

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.